# Teanga agus Téarmaíocht i dTreoir.

English version here

"Ceann amháin de na príomh-mholtaí ón gComhairliúchán Náisiúnta ar Chreat Straitéiseach um Threoir ar feadh an tSaoil (An Roinn Oideachais, 2023) is ea na príomhthéarmaí i dteanga a bhaineann le treoir a chur chun cinn agus a úsáid go cuí." (ROÓ, Ciorclán: 0001/2025)

**Cad is Treoir ann?**

**Treoir**

"Is rud iomlánaíoch í treoir. Is é atá i gceist léi forbairt phearsanta agus shóisialta an duine aonair a chomhtháthú isteach in aon fhorbairt oideachais agus gairme, agus pleanáil do chinntí eolacha fiúntacha."
(ROÓ, Ciorclán 01/2025, lch 7.)

**Treoirchomhairleoireacht**

Is sainseirbhís treorach í treoirchomhairleoireacht i scoileanna, agus í á soláthar ag an treoirchomhairleoir agus ag an duine sin amháin… Baineann treoirchomhairleoireacht leis an ról atá ag an treoirchomhairleoir agus leis an obair a dhéanann an treoirchomhairleoir le scoláirí/tuismitheoirí i ngach gné de threoir (treoir oideachais, treoir gairme, treoir phearsanta agus treoir shóisialta)."
(ROÓ, Ciorclán 01/2025, lch 7.)

**Comhairleoireacht i gcomhthéacs treorach**

Is é atá i gceist le comhairleoireacht i gcomhthéacs treorach ná leas a bhaint as scileanna treoirchomhairleoireachta chun tacú le scoláire a bhfuil fadhbanna forbartha pearsanta nó sóisialta aige/aici.
(ROÓ, Ciorclán 01/2025, lch 7.)

**Treoir scoile uile**

"Is é atá i dtreoir scoile uile ná tagairt do chur chuige scoile uile i leith tacú le scoláirí i dtaca lena bhforbairt phearsanta agus shóisialta, lena bhforbairt oideachais agus lena bhforbairt gairme. Aithnítear léi gur féidir le gach ball den fhoireann scoile ról tacaíochta a imirt".
(Nóta Faisnéise TC 01/2024, lch.2)

**Clár treorach scoile uile**

"Tá an clár treorach deartha chun freastal ar na riachtanais [riachtanais na scoláirí agus na dtuismitheoirí] trí chur chun feidhme a dhéanamh ar raon eispéireas foghlama a sholáthraítear i seicheamh forbarthach agus lena gcabhraítear le scoláirí forbairt a dhéanamh ar scileanna féinbhainistíochta arb é an toradh a bheidh orthu ná roghanna éifeachtacha agus cinntí éifeachtacha maidir lena saol."
(Nóta Faisnéise TC 01/2024, lch.3)

**Treoir ar feadh an tsaoil**

"Tacaíonn treoir ar feadh an tsaoil le forbairt phearsanta agus gairme duine ar feadh a shaoil."
(Rialtas na hÉireann, *'An Creat Straitéiseach Náisiúnta um Threoir ar feadh an tSaoil (2024-2030)'*, lch 21.)

**Foireann treorach scoile uile**

Ní ar aon duine amháin ina (h)aonar atá an fhreagracht as an bpleanáil treorach scoile uile nó as an gcleachtas treorach scoile uile in iarbhunscoil. Ina ionad sin, ba cheart d'fhoireann treorach scoile uile tacú le clár treorach scoile uile agus plean treorach scoile uile a phleanáil agus a fhorbairt.
(Nóta Faisnéise TC 01/2024, lch.6)

**Plean treorach scoile uile**

"Is é is plean treorach ann ná doiciméad cuimsitheach ina dtugtar faisnéis thábhachtach faoi conas a oibríonn treoir scoile uile sa scoil chun freastal ar riachtanais treorach na scoláirí agus a dtuismitheoirí."
(Nóta Faisnéise TC 01/2024, lgh.3-4)

Oide

gov.ie

A thuilleadh eolais ó